# Ionad Aclaíochta a Oscailt

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - achar<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht,*<br>*An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | achar, fad, leithead, imlíne, méadar cearnach, scála do mhéadar cearnach |
| **Áiseanna** | grafpháipéar le cearnóga 1 $cm^2$, rialóir, peann luaidhe |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Spreagtar na daltaí le dóigheanna difriúla ar féidir méadar cearnach a thaispeáint sa tseomra ranga.
Ansin, tugann daltaí meastachán ar achar an tseomra ranga agus déanann siad cur síos ar a straitéis meastacháin.

### 2 Gníomhaíocht 2

Plé faoi scála. Is é 1 $cm^2$ = 1 $m^2$ scála an lae inniu. Más 1 $cm^2$ = 1 $m^2$, cad é chomh mór agus a bheadh píosa páipéir leis an tseomra ranga a tharraingt? Sceitseáil imlíne an tseomra ranga de réir scála.

### 3 Gníomhaíocht 3

Oibríonn na daltaí i ngrúpaí le leagan amach an ionaid aclaíochta, méid na seomraí srl. a phlé. Caithfidh an t-achar a bheith 200 $m^2$ san iomlán agus ba chóir go mbeadh 6 sheomra ann. Tarraingíonn gach grúpa léaráid dá gcuid ionad aclaíochta de réir scála. Déanann na grúpaí a ndearaí a chur i láthair, a phlé agus a chur i gcomparáid lena chéile ag leibhéal ranga iomláin. Tugann na daltaí údar lena gcuid cinntí.

### 4 Gníomhaíocht 4

Cruthaíonn na daltaí dearadh faoi choinne ionad aclaíochta/páirc/ionad spóirt/páirc uisce.
Ní mór dóibh a scála agus a n-achar féin a roghnú.
Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an t-achar agus na codanna réalaíoch.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén seomra a bhfuil an t-achar is lú/is mó ann?<br>• Cad é achar an tseomra feistis/an tseomra fáiltithe?<br>• Cad é achar iomlán x agus y? | • Cad chuige ar roghnaigh tú méideanna/cruthanna faoi choinne an tseomra feistis an tseomra fáiltithe?<br>• Cad é mar a thig leat seomra atá dhá oiread níos mó ó thaobh achair de, ach a bhfuil cruth difriúil air a tharraingt?<br>• Cad é mar a thig leat seomraí leis an achar chéanna, ach a fhoirmíonn cruthanna geoiméadracha difriúla ar an urlár a dhearadh? |

## Difreáil

Sín cineálacha foirgneamh agus leibhéal castachta de réir shuimeanna agus thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.